

# Bileog eolais

## 16 - 27 Márta 2026

**Is é 'Big Walk and Wheel' an dúshlán siúil, cathaoireacha rothaí, 'scútáil' agus rothaíochta is mó sa Ríocht Aontaithe. Spreagann sé daltaí turais ghníomhacha a dhéanamh chun na scoile, cáilíocht aeir a fheabhsú ina gcomharsanacht agus a fháil amach cad é mar a rachaidh na hathruithe seo chun sochair dá ndomhan.**

## 17ú dúshlán Thuras Mór Siúil agus Rotha

Is bealach iontach é taisteal gníomhach chun gníomhaíocht fhisiciúil a chur isteach i ngnáthlá páistí. Is cuidiú dóibh é a bheith ar a suaimhneas agus a bheith níos múscailte agus iad ag teacht ar scoil, agus tá sé go hiontach á bhfolláine intinne chomh maith.

I mbliana beidh an dúshlán ar siúl ón **16 - 27 Márta 2026**. Tá sé saor in aisce agus furasta páirt a ghlacadh sa Turas Mór Siúil agus Rotha de chuid. Is féidir leat do scoil a chlárú don dúshlán ó Eanáir 2026 ag: www.bigwalkandwheel.org.uk.

## An dóigh a n-oibríonn sé

Ar gach lá den dúshlán bíonn scoileanna in iomaíocht lena chéile chun a fheiceáil cé atá in ann an líon is mó dáltaí ag siúil, ag úsáid cathaoir rothaí, ag 'scútáil' nó ag rothaíocht chun na scoile, a thaifeadadh.

Cinnfidh na cúig lá is fearr na scoile áit deiridh s'acu agus gheobhaidh scoileanna ag barr cláranna na gcinnirí teastas eisiach Big Walk and Wheel.

## Duaiseanna

Cuirfear gach scoil isteach i gcrannchur duaiseanna laethúla má tá níos mó ná 15% den scoil ag déanamh turas gníomhach. Beidh an deis ag gach scoil a ghlacfaidh páirt i dTuras Mór Siúil agus Rothaí suaitheantais fhíorúla a shaothrú.

In 2025,
**4,550kg**
d'ocsaíd nítrigine seachants de thoradh ar an dúshlán 10 lá*

In 2025,
**2,880 tonna**
dé-ocsaíd charbóin seachanta de thoradh ar an dúshlán 10 lá*

In 2025, rinne daltaí ag
**2,024**
scoil
**2,840,575**
turais ar scoil de shiúl na gcos, cathaoir rothaí, scútar agus rothar

*Bunaithe ar an tuigbheáil go ndéanfai na turais a taifeadadh i ngluaisteán ach gurb é an dúshlán.

## Acmhainní scoile

Solathraíonn muid sraith de acmhainní spraoi agus idirghníomhacha chun cabhrú le do dhúshlán a bheith ráthúil. I measc na n-acmhainní saor in aisce seo tá:

- Ceachtphleananna atá nasctha don churaclam
- Treoir ar ionchuimsitheacht
- Póstaer




## Ceisteanna coitianta

### Cé atá in ann páirt a ghlacadh sa Big Walk and Wheel 2026?

Is féidir le gach scoil sa RA páirt a ghlacadh i Big Walk and Wheel (ar choinníoll go bhfuil DFE, SEED nó IRN acu). Mura bhfuil uimhir thagartha DfE/SEED/Inst agat cuir bigwalkandwheel@walkwheelcycletrust.org.uk.

### Conas is féidir liom clárú?

Níl ort ach sonraí do scoil a líonadh isteach ar an leathanach cláraithe **Big Walk and Wheel** .

### Cad é mar a dhéanaim turais a thaifeadadh do dhaltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu?

Mura bhfuil dalta a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu ábalta turas gníomhach a dhéanamh chun na scoile, is féidir turas gníomhach amháin le linn an lae scoile, a mhaireann níos mó ná 10 mbomaite, a chur san áireamh don dúshlán. Déantar na turais seo a thaifeadadh ar an leathanach taifeadta faoi leith.

## Cad é eile?

1. Cláraigh don dúshlán ó Éanair 2026 ag www.bigwalkandwheel.org.uk
2. Cuir 16 - 27 Márta 2026 i do dhialanna.
3. Amharc ar agus íoslódáil na hacmhainní scoile saor in aisce. Pleanáil cad é mar is féidir leat iad a úsáid i do scoil nó i do cheachtanna.
4. Seol ríomhphost chuig foireann Big Walk and Wheel má tá aon ceist agat: bigwalkandwheel@sustrans.org.uk



facebook.com/WalkWheelCycleTrust instagram.com/WalkWheelCycleTrust bluesky.com/WalkWheelCycleT

Is sinne an carthanas a chuireann ar a gcumas do chách a bheith ag siúl, ag dul ar rothaí agus ag rothaíocht. Déanaimis seo! www.walkwheelcycletrust.org.uk
Is carthanas cláraithe é Walk Wheel Cycle Trust i Sasana agus sa Bhreatain Bheag (326550), in Albain (SC039263) agus i bPoblacht na hÉireann (20206824)